And just as limestone is permeable, the extension to City Hall is a living, breathing structure, designed to the highest environmentally sustainable specifications.

Speaking at the official opening ceremony, the City Manager said that "this new extension symbolises the confidence and vibrancy of the city today as it undergoes a period of sustained development and extends eastwards to regenerate its historic docklands."

Freedom of the City

At its meeting on Monday, 10th April 2007, Cork City Council approved a resolution to confer the Freedom of the City on Michael Flatley.

The resolution recommended the granting of the Freedom of the City of Cork on Michael Flatley in recognition of his personal achievements as a worldclass dancer, musician, performer and as a person of outstanding artistic talent and capability; in recognition of his exceptional vision and achievement of raising the profile of Ireland abroad by bringing Irish dance and music to a new level and to a worldwide audience through the phenomenal international success of his shows and in recognition of his pursuit of pushing boundaries and passion for his heritage.

The Freedom of the City of Cork was conferred on Michael Flatley at a special ceremony in City Hall, Cork, on Saturday, 2nd June 2007.

Síneadh nua ar Halla na Cathrach

Osclaíodh síneadh Halla na Cathrach, clúdaithe le marmar Iodálach, go hoifigiúil ar an 8 Meitheamh 2007. I dteannta le 'Sean' Halla na Cathrach, cuireann an t-áitreabh críochnaithe lárionad ar fáil do sheirbhísí uile na Comhairle Cathrach. Tá cáil ailtireachta ar an tionscadal cheana féin.

Thóg an tionscadal sínte dhá bhliain le críochnú ón uair a síníodh na conarthaí go déanach i 2004 agus d'éirigh thar cinn leis. D'eascair an tionscadal ó dhúil a bhí ag Bainisteoir na Cathrach, Joe Gavin, seirbhísí uile na Comhairle Cathrach a chomhtháthú in áitreabh amháin i lár na cathrach. Bhí foireann bainisteoirí tionscadail i gceannas ar an tionscadal agus thug siad achoimre deartha de leagan amach an fhoirgnimh nua. Tar éis suim mhór a bheith léirithe ann, bronnadh an conradh deartha, tógála agus airgeadais ar fhorbróirí Ionnaithe i Loch Garman, Cleary Doyle Contracting Ltd., agus a fhoireann tionscadail Ailtirí ABK ó Bhaile Átha Cliath.

Téann an foirgneamh ceithre stór, atá thart ar 100,000 troigh cearnach agus atá clúdaithe le marmar carerra agus gloine, ó Shráid Anglesea chomh fada siar le Sráid Eglinton. Tá dámhachtainí suntasacha buaite ag an bhfoirgneamh cheana féin mar gheall ar a dhearadh agus a inbhuanaitheacht. Téann an t-aitriam lárnach ón mbunurlár go dtí an díon agus scaipeann sé solas nádúrtha ar gach roinn. Tá sé ar intinn go n-osclóidh an t-aitriam Halla na Cathrach sínte don phobal ar bhonn rialta agus é ina chuid den 'tsráid inmheánach' a nascfaidh Sráid Eglinton le Sráid Anglesea. Úsáideadh balla deisiúrach den Halla Ceolchoirme mar ghné lárnach deartha Halla nua na Cathrach, atá le feiceáil taobh le staighre marmair a théann go dtí na hurláir uachtaracha. Roghnaíodh an marmar carerra, marmar bán le flioscaí liath, d'aon ghnó ag gabháil le haolchloch Halla na Cathrach.

Agus ar nós na haolchloiche scagaí, is struchtúr beo, beathach é síneadh Halla na Cathrach leis na sonraíochtaí dearaidh is airde inchothaithe comhshaoil.

Ina óráid ag an searmanas oifigiúil oscailte, dúirt Bainisteoir na Cathrach gur "siombal é an síneadh nua do mhuinín agus do bheocht na cathrach agus í ag síorathrú agus ag leathnú soir chun Ceantar na nDuganna a athghiniúnt."

Saoirse na Cathrach

D'fhaomh Comhairle Cathrach Chorcaí an rún Saoirse na Cathrach a bhronnadh ar Michael Flatley ag cruinniú ar 10 Aibreán 2007.

Mhol an rún go n-aithneofaí Michael Flatley le Saoirse na Cathrach mar gheall ar a éachtaí mar rinceoir, ceoltóir agus taibheoir den scoth, agus duine le buanna agus cumais thar cuimse; go n-aithneofaí a léargas agus saothar iontach ó thaobh próifíl Éireann a ardú thar lear trí rince agus trí cheol na hÉireann a thabhairt go leibhéal eile agus go lucht féachana domhanda mar thoradh ar rath iontach a seónna idirnáisiúnta agus a paisean d'oidhreacht.

Tugadh Saoirse na Cathrach do Michael Flatley ag searmanas speisialta ag Halla na Cathrach, Corcaigh ar an Sathairn, 2 Meitheamh 2007.

Honorary Membership of Cork City Council

The President of the Slovak Republic, Ivan Gašparovic, was awarded Honorary Membership of Cork City Council on 28th March 2007, the first occasion on which a visiting Head of State was conferred with Honorary Membership of the City Council

The President was presented with this Honorary Membership in recognition of his role in strengthening the special relationship between Cork and the Slovak Republic (developed since 1st May 2004 when Cork welcomed the accession of the Slovak Republic to the European Union); in recognition of the integral part played by the Slovak Republic during Cork's reign as European Capital of Culture 2005 and the Enlargement – Bringing the 'new' Europe to Cork project; and of continuing and future collaboration.

Since celebrating its accession to the EU with St. Patrick's Street's first street party, Slovakia has developed a strong relationship with Cork. Other events in which it contributed included an exhibition on the life of Alexander Dubcek at the Cork Public Museum; a photographic exhibition combined with a Slovak Food week in the English Market at the Farmgate Café and the Bodega bar and free concerts at the Cork Vision Centre

Honorary Membership of Cork City Council is granted to Prime Ministers and Heads of State only. Each honorary member has the right to address a meeting of Council once in each Council term. No voting rights attach to honorary membership. Each honorary member will receive a presentation of a framed Honorary Membership Certificate.

Special Olympics World Summer Games 2007

Having twinned with Shanghai, China in 2005 as part of its Capital of Culture celebrations, Cork City Council was delighted not only to greet the Cork athletes representing Ireland at the Special Olympic World Summer Games before their departure to the games but to host a reception in their honour and that of their colleagues in Team Ireland at a banquet held in Shanghai during the games. Lord Mayor Cllr. Donal Counihan and Assistant City Manager Dan Buggy travelled to Shanghai to host the event which was attended by over 300 athletes coaches and family members.

Scéim Teanga Chomhairle Cathrach Chorcaí 2007-2010

Effective from 31st October 2007 Cork City Council agreed an Irish language scheme with the Department of Community Rural and Gaeltacht Affairs. This document is a roadmap for the next three years as to how the Council intends to upgrade, improve or in some cases initiate new services through the medium of Irish in specified directorates and departments of the Council. It has also committed to increasing the use of Irish in the conduct of Council meetings to underline this. The static website information on the homepage of each directorate /department has been available bilingually since October 2007 and the Council is committed to ensuring an increase in the online services of the Council available to the public through Irish in the lifetime of this scheme.

Cork City Council is pleased to commit to these targets and hopes to deliver on many of them inside the time allocated. Progress will be reviewed on an annual basis.

Ballraíocht Onórach Chomairle Cathrach Chorcaí

Bronnadh ballraíocht onórach ar Uachtarán Phoblacht na Slóvaice, Ivan Gašparovic, ar an 28 Márta 2007 – an chéad ócáid a bronnadh ballraíocht onórach den Chomhairle Cathrach Chorcaí ar cheann stáit cuartaíochta.

Tugadh an bhallraíocht onórach don Uachtarán mar aitheantas ar a ról an caidreamh speisialta idir Corcaigh agus Poblacht na Slóvaice a neartú (a forbraíodh ó 1 Bealtaine i leith nuair a d'fháiltigh Corcaigh teacht Phoblacht na Slóvaice go hAontas na hEorpa); mar aitheantas ar an bpáirt lárnach a ghlac Poblacht na Slóvaice i réimeas Chorcaí mar Phríomhchathair Cultúrtha na hEorpa 2005 agus an tionscadal Enlargement – Bringing the 'New' Europe to Cork, agus mar aitheantas ar chomhoibriú todhchaí.

Tá caidreamh láidir idir an tSlóvaic agus Corcaigh ón am a cheiliúr siad a theacht san AE leis an gcéad chóisir ar an tsráid de chuid Sráid Naomh Pádraig. Ghlac an tSlóvaic páirt i dtaispeántas faoi shaol Alexander Dubcek ag Iarsmalann Phoiblí Chorcaí; taispeántas grianghrafadóireachta i gcomhar le seachtain an Bhia Slóvacach sa Mhargadh Sasanach ag Café Farmgate agus an beár Bodega agus ceolchoirmeacha saor in aisce ag an Cork Vision Centre.

Tugtar ballraíocht onórach de Chomhairle Cathrach Chorcaí do Phríomh-Airí agus do Chinn Stáit amháin. Tá an ceart ag gach ball onórach labhairt ag cruinniú na Comhairle uair amháin i ngach téarma na Comhairle. Níl bhaineann aon chearta vótála le ballraíocht onórach. Faigheann gach ball onórach Teastas Ballraíochta Onóraigh i bhfráma.

Special Olympics World Summer Games 2007

Nascadh Corcaigh le Shanghai na Síne, mar chuid de cheiliúradh Phríomhchathair Chultúrtha. Bhí áthas ar Chomhairle Cathrach Chorcaí bualadh le lúthchleasaithe Chorcaí a rinne ionadú d'Éirinn ag na Cluichí Domhanda Samhraidh sular fhág siad chun dul chuig na cluichí agus, chomh maith leis sin, fáiltiú a chur i láthair ina n-onóir agus in onóir a gcomhghleacaithe i bhFoireann Éireann ag féasta i Shanghai i rith na gCluichí. Chuaigh an tArdmhéara, an Comhairleoir Donal Counihan agus Leas-Bhainisteoir na Cathrach, Dan Buggy, chuig Shanghai chun an t-imeacht a chur i láthair agus d'fhreastail breis is 300 duine air, idir lúthchleasaithe, chóitseálaithe agus ghaolta.

Scéim Teanga Chomhairle Cathrach Chorcaí 2007-2010

D'fhaomh an Chomhairle Scéim Teanga leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le héifeacht ó 31 Deireadh Fómhair 2007. Taispeánann an cháipéis seo conas a dhéanfaidh an Chomhairle uasghrádú agus feabhsú ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus i gcásanna áirithe, conas a chuirfidh siad tús leis na seirbhísí sin i stiúrthóireachtaí agus ranna áirithe thar thréimhse na trí bliana seo chugainn. Chun béim a leagan air sin tá an Chomhairle tiomanta do Ghaeilge a úsáid níos mó i rith a gcruinnithe. Tá leagan dhátheangach de leathanach gréasáin statach ar fáil de leathanach baile gach stiúrthóireacht/roinn ó mhí Dheireadh Fómhair 2007 agus tá sí tiomanta do sheirbhísí na Comhairle ar líne trí Ghaeilge a mhéadú don phobal thar thréimhse na scéime sin.

Is cúis áthais é do Chomhairle Cathrach Chorcaí tiomantas a thabhairt do na spriocanna sin agus go gcomhlíonfaí cuid mhaith acu laistigh den amchlár a tugadh. Déanfar dul chun cinn a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Docklands Directorate

Stiúrthóireacht Ceantar na nDuganna

The redevelopment of Cork Docklands is a key project for the city and one of the core elements contained in the Cork Area Strategic Plan (C.A.S.P.) and the Cork City Development Plan 2004. The redevelopment of the area is seen as a key factor in growth of Metropolitan Cork and the Cork Gateway.

The following key areas formed the main focus of activity by the Docklands Directorate in 2007:

South Docks Local Area Plan

South Docks Local Area Plan (incorporating a Public Realm Strategy and an Infrastructure Strategy) was substantially completed in 2007. The team was led by Brady Shipman Martin, Planning and Landscape Architecture Consultants. A Draft Plan was produced in June 2007 and a week long public exhibition was held in City Hall which was attended by over 1,000 members of the public. Following a 10 week period of public consultation during which over 200 submissions were received, a number of amendments were proposed to the Draft Plan. The proposed amendments to the Draft Plan were placed on public display for a further 4 weeks during November 2007. Following receipt of public submission a number of further amendments were proposed in December 2007 with the Docklands Policy Committee successfully steering the final Plan though full Council to its adoption in early February 2008. The Docklands Policy Committee also undertook a number of study visits to Belfast and Newcastle to learn from other regeneration programmes.

The South Docks Local Area Plan will act as a focus for moving the development of the area forward by providing clear guidance for the development and implementation of the agreed planning and development strategy. The Plan also identified through the submissions received the need to prepare a River Use Management Plan to guide manage the proper use of the River Lee following the re-location of the Port downstream. The first major planning application in the South Docks area is expected in March 2008 involving the development of an Events Centre, an hotel and a number of mixed commercial /residential schemes.

Gateway Innovation Fund

The Directorate prepared a submission to the Department of Environment Heritage and Local Government for funding under the Gateway Innovation Fund. The submission was made with the support of the Port of Cork and Cork County Council. The bulk of the funding (€80 million) was sought for the development of the Eastern Gateway Bridge – a major element of the proposed transport network for the area linking Tivoli with the South Docks via an opening bridge and an extension to Monahan Road. Further funding was also sought to fund the relocation of the Port of Cork to Ringaskiddy, as well as proposals to develop critical infrastructure in the East Cork area which could also benefit the Docklands by supporting the relocation of existing incompatible uses. A decision on the allocation of funding is due in early 2008.

Compulsory Purchase Order of the Showgrounds

An Bord Pleanala confirmed the Compulsory Purchase Order of the Showgrounds which paves the way for the City Council to pursue the wider area's redevelopment as a sub regional park – to be known as Marina Park. The park will be of great benefit in terms of the recreational uses it will provide for residents and workers in the redeveloped Docklands area and the wider city region. The design principles for the park have been set by the South Docks Local Area Plan (Public Realm Strategy). It is intended to procure the detailed design of the park in 2008 via a competitive process amongst national and international landscape architecture practices.

Website

Further information on the progress of the above projects can be obtained from the website:

www.corkcity.ie/DOCKLANDS



Tugtar tús áite d'athfhorbairt Ceantar na nDuganna i gCorcaigh agus is cuid lárnach é de Phlean Straitéiseach Ceantar Chorcaí (CASP) agus de Phlean Forbartha Chathrach Chorcaí 2004. Ceaptar gur cuid lárnach d'fhás Dúiche Cathrach Chorcaí agus Cathair Thairsí Chorcaí.

Dhírigh Stiúrthóireacht Ceantar na nDuganna an príomhfhócas gníomhaíochta i 2007 orthu seo leanas:

Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas

Críochnaíodh Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas (Straitéis Ríochta Phoiblí/Dearaidh Tírdhreacha agus Straitéis Bhonneagair san áireamh) nach mór i 2007. Bhí Brady Shipman Martin, Comhairleoirí Pleanála agus Ailtireachta Tírdhreacha, i gceannas ar an bhfoireann. Rinneadh dréachtphlean i mí an Mheithimh 2007 agus bhí taispeántas poiblí a mhair seachtain ar siúl i Halla na Cathrach ar thug breis is 1,000 duine cuairt air. Tar éis tréimhse 10 seachtaine de chomhairliúchán poiblí agus breis is 200 aighneacht, moladh roinnt leasuithe don dréachtphlean. Cuireadh na leasuithe sin ar thaispeántas poiblí ar feadh 4 seachtaine eile i rith mí na Samhna 2007. Moladh tuilleadh leasuithe i mí na Nollag 2007 tar éis aighneacht phoiblí agus chuir an Coiste um Beartais Ceantar na nDuganna an Plean deiridh os comhair na Comhairle go dtí gur glacadh leis i mí Feabhra 2008. Thug Coiste um Beartais Ceantar na nDuganna cuairteanna staidéir ar Bhéal Feirste agus Newcastle chun foghlaim ó chláir athbheochana eile.

Beidh Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas mar fhócas chun forbairt an cheantair a chur chun cinn trí threoir shoiléir a chur ar fáil maidir leis an straitéis pleanála agus forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. D'aithin an Plean freisin, mar thoradh ar na haighneachtaí a fuarthas, an gá a bhí ann Plean Bainistíocht Úsáid Abhann a ullmhú chun ceartúsáid Abhainn na Laoi a chinntiú tar éis don chaladh a bheith bogtha i dtreo bhéal an abhainn. Tá sé ar intinn go mbeidh an chéad móriarratas pleanála i gCeantar na nDuganna Theas ann faoi mhí Márta 2008 agus go mbeidh ionad imeachtaí, óstán agus scéimeanna measctha tráchtála agus cónaitheacha san áireamh ann.

Chiste Nuálaíochta Chathair Thairsí

D'ullmhaigh an Stiúrthóireacht aighneacht le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil i gcomhair maoinithe don Chiste Nuálaíochta Chathair Thairsí. Bhí tacaíocht ag an aighneacht ó Chaladh Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí. Bhí an chuid is mó den airgead ag teastáil (€80 milliún) le haghaidh forbairt Dhroichead na Cathrach Tairsí Thoir – móreilimint den ghréasán molta iompair don Cheantar a nascfaí Tivoli agus na Duganna Theas via droichead oscailteach agus síneadh ar Bhóthar Uí Mhuineacháin. Bhí tuilleadh maoinithe á lorg d'athlonnú Chaladh Chorcaí go Rinn an Scidígh freisin, chomh maith le moltaí chun bonneagar criticiúil a fhorbairt i gCeantar Chorcaí Thoir a bheadh go maith do Cheantar na nDuganna trí thacaíocht a chur ar fáil d'athlonnú a bhfeidhmeanna reatha. Táthar ag súil le cinneadh maidir le dáileadh maoinithe go luath i 2008.

Tord um Cheannach Éigeantach na Páirce Taispeántais

Dheimhnigh an Bord Pleanála an tOrd um Cheannach Éigeantach na Páirce Taispeántais agus tugann sin deis do Chomhairle Cathrach Chorcaí an ceantar a athfhorbairt mar pháirc fo-réigiúnach, ar a dtugfar Páirc Marina. Beidh tairbhe áineasa ag an bpáirc do chónaitheoirí agus d'oibrithe Cheantair Athfhorbatha na nDuganna chomh maith le mór-réigiún na cathrach. Leagadh prionsabail deartha na páirce amach ag Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas (Straitéis an Phobail). Tá sé ar intinn go bhfaighfí dearadh sonrach den pháirc i 2008 via próiseas iomaíoch i measc cleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta ailtireachta tírdhreacha.

Suíomh Idirlín

Tá tuilleadh eolais le fáil faoi dhul chun cinn na tionscadail thuasluaite ón suíomh Gréasáin:

www.corkcity.ie/DOCKLANDS

Environment

Comhshaol

Water Production and Distribution

The Environment Directorate operates a major water treatment plant on the Lee Rd. Approximately 50,000 cubic metres of raw water are extracted daily from the River Lee to supply the plant. Treated water is pumped to strategically located reservoirs at Churchfield, Hollyhill and Shanakiel, from where it gravitates through a distribution network of over 650 kilometres of watermain. An on-going monitoring programme ensures that all water supplied is fully compliant with the Drinking Water Regulations. The Provision and Quality of Drinking Water in Ireland Report (2006/2007) published by the Environmental Protection Agency reported that the microbiological and chemical quality of the water supply in Cork city was excellent.

An active leak detection programme carried out in 2007 resulted in a daily saving of 2000 cubic metres of water per day. Significant progress on a number of major capital projects to improve the city's supply was made during 2007. The Little Island to Tivoli Watermain (to augment the city's supply) was put out to tender with construction expected to commence in 2008.In addition, the process of appointing a Consulting Engineer to prepare a Preliminary Report for the Water Supply to Cork Docklands was put in train.

Government's Water Services Pricing Policy

In accordance with the Government's Water Services Pricing Policy, all local authorities are required to charge non-domestic users for the provision of Water and Waste Water Services. The meter installation programme was completed by the target date of December 2006. Throughout 2007 there was major progress on the installation of an automatic "Walk By" meter reading capability on all meters. The Environment Directorate also worked very closely with Finance Dept to ensure that our customer database was consolidated and that income target levels were achieved.

Waste Management

The Assocation for Study of Peak Oil, with support from Cork City Council, held its Annual International Conference in the City Hall in September 2007 with speakers and delegates from all over the world. The conference was officially launched by the Deputy Lord Mayor and speakers included Minister Eamon Ryan T.D. who also paid a courtesy visit to the Lifetime Lab.

The Waste Enforcement Team made presentations to a number of stakeholders during 2007 on the best practices for waste management and carried out many inspections on various activities some of which resulted in prosecution.2007 saw the final capping of an additional section of the Municipal Landfill Site, Kinsale Road, on the southside of the site.

Waste Operations

Community Maintenance Grants:
A sum of €40,000 was made available to Community and Residents Assocations for anti litter initiatives. This funding was spent on items such as purchase of brushes, litter pickers, shovels, lawnmowers, strimmers and helped to improve the appearance of many areas within the city.

Bulky Goods Collections:
A sum of €65,500 was provided for bulky goods collections. Collections from householders were carried out in Mahon, Mayfield and parts of Togher.

Gum Litter Task Force:
Cork City Council was one of the local authorities involved in the pilot phase of the National Gum Litter Task Force. The aim of this project was to highlight the correct disposal methods for used chewing gum.

Environment Strategic Policy Committee

No. of meetings held: 3

Items considered:

- Significant Water Management Issues
- Recycling Report 2006
- Cork City Energy Agency Report 2006
- Lifetime Lab Report 2006
- Draft Litter Management Plan

Táirgeadh agus Dáileadh Uisce

Baineann an Stiúrthóireacht Comhshaoil feidhm as mór-ionad cóireála uisce atá suite ar Bhóthar na Laoi. Tógtar thart ar 50,000 méadar ciúbaithe d'amhuisce ó Abhainn na Laoi gach lá chun an t-ionad a sholáthar. Caidéaltar uisce cóirithe chuig taiscumair atá suite go straitéiseach ag Cnoc na Cille, Cnoc an Chuilinn agus an Seanchoill, ónar bhogann sé trí bhreis is 650km den phríomhlíonra dáilte uisce. Cinntíonn clár monatóireachta leanúnach go bhfuil an t-uisce go léir a sholáthraítear ag teacht leis na Rialacháin Uisce Óil. Taispeánann Tuarascáil Soláthar agus Caighdeán Uisce Óil in Éirinn (2006/7) foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil chaighdeán micribhitheolaíochta agus ceimiceach an uisce i gCathair Chorcaí thar cinn.

Sábháiltear 2,000 méadar ciúbach uisce gach lá mar thoradh ar chlár gníomhach aimsiú sceithte i 2007. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar roinnt mórthionscadal chun soláthar na cathrach a fheabhsú i rith 2007. Cuireadh Príomhlíonra Uisce Inse Rátha go Tivoli (chun soláthar na cathrach a mhéadú) chun tairisceana agus táthar ag súil go dtosóidh tógáil i 2008. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le próiseas chun Innealtóir Comhairliúcháin a cheapadh chun Réamhthuarascáil Soláthar Uisce Ceantar na nDuganna Chorcaí a ullmhú.

Beartas Praghsála Seirbhísí Uisce an Rialtais

Faoi réir Beartas Praghsála Seirbhísí Uisce an Rialtais, ní mór do gach údarás áitiúil táille a ghearradh ar úsáideoirí tráchtála le haghaidh an soláthar de Sheirbhísí Uisce agus Fuíolluisce. Comhlíonadh an clár suiteála méadarthomhais faoin spriocdháta, mí na Nollag 2006. Bhí dul chun cinn maith ar shuiteáil cumas "Siúl Thar" uathoibríoch léamh méadair ar na méadair uile. D'oibrigh an Stiúrthóireacht Comhshaoil go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun bunachair sonraí ár gcustaiméirí a dhaingniú agus spriocanna ioncaim a chinntiú.

Bainistíocht Dramhaíola

Reáchtáladh Comhdháil Idirnáisiúnta Bhliantúil an Chumainn Staidéar um Buaicola, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, ag Halla na Cathrach i mí Mheán Fómhair 2007 agus bhí cainteoirí agus toscairí ann ó gach chearn den domhan. Sheol an tArdmhéara an chomhdháil go hoifigiúil agus áirítear ar na cainteoirí an tAire Eamon Ryan T.D. a thug cuairt cúirtéise freisin ar an Lifetime Lab.

Rinne an Fhoireann Forfheidhmithe Dramhaíola cur i láthair do gheallsealbhóirí i rith 2007 faoi na cleachtais is fearr bainistithe dramhaíola agus rinne siad roinnt mhaith iniúchtaí ar ghníomhaíochtaí áirithe as a dtáinig roinnt ionchúiseamh. Rinneadh an chaidhpeáil dheireanach ar rannóg breise ar thaobh theas an Láithreáin Líonta Talún, Bóthar Chionn tSáile i 2007.

Oibríochtaí Dramhaíola

Deontais Cothabhála Pobail:
Cuireadh €40,000 ar fáil do Chumainn Phobail agus Chónaithe i gcomhair tionscnaimh fhrithbhruscair. Caitheadh an t-airgead ar earraí ar nós scuaba, piocadh bruscair, sluasaid, lomairí faiche, ciumhaisire agus chabhraigh sé go mór le dreach cuid mhaith ceantair sa chathair a fheabhsú.

Bailiúchán Dramhaíola Téagartha:
Cuireadh €65,500 ar fáil i gcomhair bailiúchán dramhaíola téagartha. Rinneadh bailiúcháin teaghlaigh ag Machan, Baile na mBocht agus áiteanna i dTóchar.

Tascfhórsa Bruscair Guma:
Bhí páirt ag Comhairle Cathrach Chorcaí leis an gcéim phíolótach de Thascfhórsa Náisiúnta um Bruscair Guma Coganta. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal béim a leagan ar mhodhanna cearta chun fáil réidh le guma coganta.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil

Líon na gcruinnithe: 3

Míreanna a pléadh:

- Saincheisteanna suntasacha Bainistithe Uisce
- Tuarascáil Athchúrsála na Bliana 2006
- Tuarascáil Chumainn Fuinnimh Chathrach Chorcaí 2006
- Tuarascáil Lifetime Lab 2006
- Dréachtphlean Bhainistíocht Bruscair



Housing and Community

Tithíocht agus Pobal

Cork Foyer Celebrates Accreditation

Cork Foyer, Cork City Council's innovative project to support young people who have found themselves homeless or at risk of being homeless, received a major accolade in the form of Accreditation by the UK Foyer Movement in 2007.

Cork Foyer opened its doors in March 2006 delivering a long-standing objective of the City Council and the Cork Homeless Forum. From its inception the Project has worked tirelessly towards achieving "Accredited Status" and thus meet the high service standards set by the Movement. Cork City Council was the first Foyer to achieve this status outside of the UK and achieved the second highest score ever recorded under the current accreditation system. The Foyer Federation Validator reported; "To have got the Foyer to this stage in such a short period is extremely impressive".

The manner in which the Foyer has involved partner organisations in the delivery of its services also received special acknowledgement. In-house training programmes are delivered to residents through the City of Cork VEC, FAS and organisations such as ABLES and YMCA.

The operation of the Foyer is steered by a Board of Management which includes residents of the facility, Community representatives, as well as the various State Agencies.

Central Heating Installation Scheme

Work on the central heating installation scheme continued with a total of approximately 1,600 properties covered since the scheme commenced in late 2004 at a total cost of approximately €10m. The installations comprise gas fired heating along with attic insulation and smoke alarms. It is estimated that any remaining properties without heating will have heating installed in 2008 to complete the programme. In addition a programme was commenced to provide attic insulation to older properties where central heating had been installed without attic insulation prior to the current scheme. This programme will continue in 2008.

Planned Maintenance

The ongoing commitment to planned maintenance programmes was strengthened in 2007 with additional resources applied to window and door replacements and to soffit, fascia and guttering renewals. In addition in 2007, a central heating boiler servicing scheme was implemented for properties where central heating was installed under the current heating scheme and also to older properties designated as Elderly Person dwellings.

The Rental Accommodation Scheme (RAS)

The Rental Accommodation Scheme (RAS) was introduced in 2006 to cater for the long term accommodation needs of persons who are in receipt of rent supplement, normally for more than 18 months.
The Scheme is intended to provide an additional source of good quality rented accommodation for eligible persons and to enhance the response of local authorities to meeting long-term housing need.

Main Features of the Scheme
The City Council has entered into contractual arrangements with accommodation providers to secure the medium to long-term availability of private rented accommodation for RAS.

The common features of the contracts are:

- the City Council pays the full rent to the landlord on behalf of the tenant
- the Residential Tenancies Act 2004, governs the relationship between the landlord and the tenant
- the landlord must be tax compliant
- the property must meet the statutory standards for private rental accommodation
- the property must meet the appropriate fire safety standards and
- the landlord must register the tenancy with the Private Residential Tenancies Board (PRTB).

Under the Scheme the City Council entered into 102 private contracts with landlords in 2007, housed 248 rent supplement recipients in social housing and transferred 62 voluntary agency tenants to the Rental Accommodation Scheme.

Housing & Community Strategic Policy Committee

No. of meetings held:
3 (incl. one joint meeting with Planning & Development SPC)

Items considered:
- Housing Waiting List
- Rental Accommodation Scheme
- Social & Affordable Housing Action Plan
- Implications of Towards 2016 on Housing Policy
- Joint Housing Strategy

Ceiliúrann Cork Foyer creidiúnú

Ba mhór an acaláid do Cork Foyer, an tionscnamh nuálach de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí a thacaíonn le daoine óga gan dídean nó daoine óga i mbaol easpa dídeana, nuair a fuair sé creidiúniú ó Foyer Movement na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2007.

D'oscail Cork Foyer i mí Márta 2006 mar thoradh ar sheanchuspóir na Comhairle Cathrach agus Fóram gan Dídean Chorcaí. Ón am a thosaigh sé, shaothraigh an Tionscnamh gan sos chun stádas creidiúnaithe a bhaint amach agus ardchaighdeáin seirbhíse na Gluaiseachta a fháil. Ba é Foyer Chomhairle Cathrach Chorcaí an chéad cheann taobh amuigh den Ríocht Aontaithe an stádas sin a bhaint amach agus ba é an dara scór is airde riamh a bhfuarthas de réir an chórais creidiúnaithe reatha. Dúirt Bailíochtóir an Foyer Federation, 'gur éacht é don Foyer a bheith ag an staid sin laistigh de thréimhse chomh gearr sin'.

Tugadh aitheantas speisialta don chaoi a n-úsáideann an Foyer eagraíochtaí eile agus a seirbhísí á seachadadh acu. Cuirtear cláir oiliúna sa bhaile ar fáil do chónaitheoirí trí Choiste Ghairmoideachas Chathair Chorcaí, FÁS agus eagraíochtaí ar nós ABLES agus YMCA.

Tá Bord Bainistíochta i gceannas ar fheidhmiú an Foyer ar a n-áirítear cónaithe an Foyer, ionadaithe Pobail chomh maith le roinnt Gníomhaireachtaí Stáit.

Scéim Suiteála Téamh Lárnach

Lean oibreacha na scéime suiteála téamh lárnach ar aghaidh ar chostas €10,000 nó mar sin de agus clúdaíodh thart ar 1,600 áitreabh ón am a thosaigh an scéim go déanach sa bhliain 2004. Tá téamh gáis chomh maith le hinsliú áiléir agus aláraim deataigh i gceist sa tsuiteáil. Meastar go mbeidh téamh curtha isteach i ngach áitreabh i 2008 chun an clár a chríochnú. Chomh maith leis sin, tosaíodh clár inslithe áiléir i dtithe atá níos sine agus ar cuireadh téamh lárnach iontu gan insliú áiléir roimh an scéim reatha. Rachaidh an clár ar aghaidh i 2008.

Cothabháil Beartaithe

Neartaíodh an tiomantas leanúnach do chláir beartaithe cothabhála i 2007 agus tugadh breis airgid i gcomhair athchur fuinneoige agus doirse agus athnuachan tairr, éadain agus gáitéar. Chomh maith leis sin, cuireadh scéim coire téamh lárnach i bhfeidhm i 2007 d'áitribh le téamh lárnach faoin scéim reatha chomh maith le háitribh Sheandaoine.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Tháinig an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) isteach i 2006 chun riachtanais fhadtéarmacha daoine le forlíonta cíos, go hiondúil ar feadh breis is 18 mí, a shásamh. Tá an scéim leagtha amach chun foinse bhreise de chóiríocht ar cíos ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine incháilithe chun feabhas a chur ar fhreagairt na n-údarás áitiúil maidir le riachtanais tithíochta fhadtéarmacha a chomhlíonadh.

Príomhghnéithe na Scéime
Tá socruithe conartha déanta ag an gComhairle Cathrach le soláthraithe chun cóiríocht phríobháideach ar cíos mheántréimhseach agus fhadtréimhseach a chinntiú don RAS.

Gnéithe comónta na gconartha:

- íocann an Chomhairle an cíos iomlán don tiarna talún thar ceann an tionónta
- rialaíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 an gaol ag an tiarna leis an tionónta
- ní mór don tiarna talún a bheith cáin-comhlíontach
- ní mór don áitreabh caighdeáin reachtúla cóiríochta phríobháidí ar cíos a shásamh
- ní mór don áitreabh caighdeáin chuí sábháilteachta ó dhóiteáin a shásamh agus
- ní mór don tiarna talún clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB).

Rinne an Chomhairle Cathrach 102 conradh príobháideach le tiarnaí talún i 2007, chuir siad tithe ar fáil do 248 faighteoirí forlíonta cíos i dtithíocht shóisialta agus d'aistrigh siad 62 tionónta gníomhaireachta deonacha don Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta & Pobail

Líon na gcruinnithe:

3 (incl. one joint meeting with Planning & Development SPC)

Items considered:

- Liosta Feithimh do Thithíocht
- Scéim um Chóiríocht ar Cíos
- Plean Gníomhaíochta Tithíocht Shóisialta & Ar Phraghas Réasúnta
- Impleachtaí 'I dTreo 2016' ar Bheartais Tithíochta
- Comhstraitéis Thithíochta

Information Systems



Córais Faisnéise

The IS strategy 2003-2007 was successfully implemented with all major targets being achieved. In conjunction with advances in technology, increased user requirements for data and service accessibility, online services can now be accessed via the web 24/7.

Operations Team

All departments in external offices were transferred either to the New Extension or to the City Hall offices between April and September. Approximately 650 users, their PCs and associated IT equipment were transferred.The move presented the opportunity to introduce further efficiencies and cost savings of IT equipment. All personnel now have access to two printers but the printer numbers were reduced by 40%.

Two communication rooms in the New Extension were commissioned. These rooms contain the VOIP network hardware and some office servers. The planned maintenance and replacement cycle of old PCs and servers continued.

Virus attacks on our systems continue at an increasing rate. We implement the necessary anti virus software on all systems and have a robust firewall in-place but personnel responsibility remains the key. To make all staff aware of the dangers and to help them become more vigilant of the importance of security in relation to all matters of data, PC usage and accessibility a security seminar was presented and provided for all staff.

Web Services, GIS and Database Management

In 2007 the team was reorganised and re-branded as "The Web, GIS and Database Team". In the GIS area all directorates completed a GIS Strategy for 2008-2010. The primary aim of the strategy is to improve mapping systems available to staff and the public.

The Database area involved the administration of our ever growing SQL Server presence, while also implementing disaster recovery procedures on priority systems.

The team also implemented a number of new websites including Access Cork www.accesscork.ie , Cork City Marathon www.corkcitymarathon.ie, Cork Merchant City www.corkarchives.ie/merchantcity and Cork 2005 www.cork2005.ie. The Access Cork website won both the Irish eGovernment Awards for accessibility and project management. The team also rolled out a new content management system which allows staff contribute directly to our twelve websites.

Enterprise Resource Planning

2007 proved to be an eventful year for the Financial Applications Section. As well as the implementation of a new Financial Management System – JDEdwards EnterpriseOne, a new cash receipting solution supporting the concept of a "One Stop Shop" in City Hall was introduced.

This involved the full training of:

- 350 City Council staff in JDE EnterpriseOne
- 60 staff in Income Manager.

To support this training UPK, an on-line training solution was installed and modules developed.

Both systems were successfully implemented on schedule within the 2nd quarter of 2007.

A document design and routing solution, Optio, was implemented in the second half of the year.

Cuireadh an straitéis Córais Faisnéise (IS) 2003-2007 i bhfeidhm go sásúil agus baineadh gach mórsprioc amach. D'fhéadfaí teacht ar sheirbhísí ar líne anois 24/7 mar thoradh ar dhul chun cinn teicneolaíochta chomh maith le méadú ar riachtanais úsáideoirí le haghaidh sonraí agus rochtain ar sheirbhísí.

Foireann Oibriúcháin

Aistríodh na ranna ar fad ó oifigí seachtracha go dtí an síneadh nua oifigí Halla na Cathrach idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair. Aistríodh thart ar 650 úsáideoirí, chomh maith lena ríomhairí agus agus na fearais atá bainteach le teicneolaíocht faisnéise (IT).Chuir an t-aistriú deis ar fáil éifeachtúlachtaí agus coigiltí costais breise a dhéanamh ar fhearais IT. Tá rochtain ag baill uile na foirne ar dhá chlódóirí ach laghdaíodh líon na bprintéirí 40%.

Coimisiúnaíodh dhá sheomra cumarsáide sa Síneadh Nua. Tá na crua-earraí gréasáin VoIP agus roinnt freastalaithe oifige sna seomraí seo. Leanadh ar aghaidh leis an timthriall cothabhála agus athsholáthar beartaithe ar sheanríomhairí agus ar sheanfhreastalaithe.

Tarlaíonn ionsaithe víris níos minice ar na córais na laethanta seo. Tá bogearraí frithvíris agus ballaí dóiteáin láidir i bhfeidhm againn ach is é freagracht foirne an ghné is tábhachtaí. Chun an fhoireann uile a chur ar an eolas faoi na baoil, agus chun cabhrú leo a bheith níos aireach ó thaobh sonraí, úsáid ríomhaire agus rochtain, cuireadh seimineár sábháilteachta i láthair don fhoireann.

Seirbhísí Gréasáin, Córas Faisnéise Geografaí (GIS) agus Bainistíocht Bhunachair Sonraí

Rinneadh atheagrú agus athbhrandáil ar an bhfoireann i 2007 agus tugtar an "Foireann Gréasáin, GIS agus Bunachair Sonraí" orthu anois. Chomhlíon na stiúrthóireachtaí i réimse GIS ar fad Straitéis GIS 2008-2010. An príomhaidhm atá ag an straitéis feabhas a chur ar chórais léarscáilithe atá ar fáil don fhoireann agus don phobal.

Bhí baint ag réimse an Bhunachair le riarachán an fhreastalaithe SQL atá níos forleithne ná riamh, agus nósanna tarrthála tubaiste a chur i bhfeidhm ar gach córas tosaíochta.

Chuir an fhoireann roinnt suíomh gréasáin nua i bhfeidhm freisin ar a n-áirítear Teacht ar Chorcaigh www.accesscork.ie , Maratón Cathrach Chorcaí www.corkcitymarathon.ie, Cathair Ceannaithe Chorcaí www.corkarchives.ie/merchantcity agus Corcaigh 2005 www.cork2005.ie

Pleanáil Acmhainní Fiontair

Ba bhliain an-ghnóthach í 2007 don Rannóg Feidhmiúcháin Airgeadais. De bhreis ar Chóras Bainistíochta Airgeadais nua a chur i bhfeidhm - JDEdwards EnterpriseOne, cuireadh réiteach nua i bhfeidhm chun admhálacha ar airgead tirim a sholáthar rud a chuireann leis an gcoincheap 'láthair gach gnó' a dhéanamh de Halla na Cathrach

San áireamh anseo cuireadh oiliúint iomlán ar:

- 350 ball foirne Chomhairle na Cathrach a oiliúint i JDE EnterpriseOne
- 60 ball foirne a oiliúint i Income Manager.

Suiteáladh réiteach oiliúna ar-líne darbh ainm UPK chun tacú leis an oiliúint seo agus déanadh modúil a fhorbairt.

Cuireadh i bhfeidhm an dá chóras go rathúil agus in am laistigh den 2ú ráithe de 2007.

Cuireadh réiteach deartha doiciméad agus ródúcháin, Optio, i bhfeidhm sa dara leath den bhliain.

Personnel

Pearsanra

Training and Development

This section is responsible for the provision of training for all employees and provides opportunities to further develop and exercise knowledge and skills. Specialist, general and mandatory courses are regularly organised by the Section, facilitated by the Institute of Public Administration, Health and Safety training companies, Regional Training Centre, Cork City Council instructors and various other professional bodies.

The following training was organised and delivered in 2007:

- 69 new First-Aiders were certified
- 10 staff completed the nine day FETAC approved Supervisory Skills Programme
- FAS Safepass training and Manual Handling training was delivered by our in-house trainers
- 95 staff received support under the Study Assistance Scheme for pursuit of approved courses courses of study in their own time, including 19 staff who completed the IPA/NUI Certificate in Local Government Studies and 18 who completed the IPA/NUI Diploma in Local Government Studies.
- We continued to provide management and technical support to the Regional Training Centre in co-operation with our colleagues from Cork and Kerry County Councils.
- 70 staff received Diversity Awareness Training
- 28 staff completed Effective Communication Across Language Barriers Training.
